Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr, en)**

**7678/22**

**TRANS 187**
**COWEB 29**
**ELARG 24**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 7402/22 |
| Ábhar: | Comhordú ar an seasamh ón Aontas do chruinniú na Comhairle Aireachta (Comhphobal Iompair an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar, (Pristine, an 27 Aibreán 2022)<br>– *Formheas* |

1. An 21 Márta 2022, chuir an Coimisiún doiciméad oibre[1] faoi bhráid na Meithle um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin i ndáil leis an gcéad chruinniú eile de Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Iompair a thionólfar i bPristine an 27 Aibreán 2022, d'fhonn seasamh ón Aontas a ullmhú a bheidh le glacadh ag an gcruinniú sin.

2. Cuireann Comhairle Aireachta an Chomhphobail Iompair treoirlínte polaitiúla ginearálta ar fáil agus déanann sí athbhreithniú ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Iompair. Ullmhóidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach obair na Comhairle Aireachta. Don chruinniú deireanach den Choiste sin, a bhí ar siúl an 15 Márta 2022, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an seasamh ón Aontas an 23 Feabhra 2022, lena n-áirítear clár oibre na Comhairle Aireachta[2].

[1] 7177/22.
[2] 6219/22.

3. Is iad seo a leanas na príomh-mhíreanna a bheidh ar chlár oibre na Comhairle Aireachta:

— an Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a leathnú: cur i láthair ón gCoimisiún ar a Theachtaireacht maidir le leathnú táscach chuig tríú tíortha agus idirghabhálacha ó chomhpháirtithe maidir leis an athbhreithniú ar an leathnú táscach chuig na Balcáin Thiar;

— an chéad phlean oibre 5 bliana a fhormheas chun leathnú táscach TEN-T a fhorbairt agus tionscadail tosaíochta leasa réigiúnaigh a shainaithint[3].

4. Phléigh an Mheitheal an dréachtseasamh an 21 Márta 2022 agus, ar bhonn doiciméad oibre a thug an Uachtaránacht cothrom le dáta tar éis chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, d'fhormheas sí é an 28 Márta 2022.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

— an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú, agus

— a mholadh don Chomhairle an seasamh ón Aontas Eorpach don chéad Chomhairle Aireachta eile den Chomhphobal Iompair a fhormheas mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

---

[3] Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór an dréachtphlean 5 bliana a chur faoi bhráid an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh go fóill lena fhormheas roimh ré (nós imeachta i scríbhinn).

# DOICIMÉAD OIBRE

## maidir le seasaimh ón Aontas Eorpach do Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Iompair an 27 Aibreán 2022[4]

Tá an doiciméad oibre seo bunaithe ar dhoiciméad an Choimisiúin (7177/22) ina gcuirtear faisnéis ar fáil nó ina leagtar síos seasaimh ón Aontas maidir le hábhair atá ar an dréachtchlár oibre do chruinniú na Comhairle Aireachta den Chomhphobal Iompair a bheidh ar siúl an 27 Aibreán 2022 (féach an Iarscríbhinn).

**Cumhdóidh an Chomhairle Aireachta na hábhair seo a leanas:**

- Cur i láthair ón gCoimisiún Eorpach maidir lena Theachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig tríú tíortha comharsanachta[5];
- Plé ar an Togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T) maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig na Balcáin Thiar;[6]
- Formhuiniú a dhéanamh ar an bplean oibre rollach 5 bliana chun an leathnú táscach TEN-T ar na croíghréasáin chuimsitheacha chuig na Balcáin Thiar a fhorbairt agus chun tionscadail tosaíochta leasa réigiúnaigh a shainaithint;
- Cur i láthair ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir lena 10 mBliana Gníomhaíochta don tSábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030.

---

4 Pristine, uainiú agus ionad le dearbhú. Beifear in ann cian-rannpháirtíocht a dhéanamh (nasc ar líne).

5 COM/2021/820 final.

6 COM/2021/812 final

## CUID I – GINEARÁLTA

I gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh um an gComhphobal Iompair[7], cuireann an Chomhairle Aireachta treoirlínte ginearálta beartais ar fáil agus déanann sí athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chonartha um an gComhphobal Iompair, lena n-áirítear obair leantach ar na tograí a chuir an Fóram Sóisialta ar aghaidh.

I bhfianaise ullmhú Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair (an 15 Márta 2022), bunaíodh seasamh ón Aontas maidir leis na doiciméid a leagtar amach thíos[8]. I ndiaidh chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ní dhearnadh ach mionathruithe ar na doiciméid.

Is é an t-aon phointe breise a chuirtear i láthair ar bhealach níos mionsonraithe an togra chun an plean oibre rollach 5 bliana a fhormhuiniú chun an leathnú táscach TEN-T ar na croíghréasáin chuimsitheacha chuig na Balcáin Thiar a fhorbairt agus chun tionscadail tosaíochta leasa réigiúnaigh a shainaithint[9]. Dá bhrí sin, cuireann an doiciméad oibre seo leis an anailís tosaigh agus leis na seasaimh thosaigh, mar a tíolacadh iad do chruinnithe Mheitheal um Cheisteanna Idirmhódúla na Comhairle an 7 agus an 14 Feabhra 2022.

## CUID II – SONRAÍ

**<u>Mír 2 ar an gclár oibre</u>**

**Cur i láthair ón gCoimisiún Eorpach maidir lena Theachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig tríú tíortha comharsanachta**

Is pointe faisnéise é seo ón gCoimisiún Eorpach.

[7] IO L 278, 27.10.2017, lch.3
[8] Féach 6219/22.
[9] Féach WK 2681/22 REV 1.

An 14 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún a Theachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig tríú tíortha comharsanachta (mar aon lena thogra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán TEN-T[10] – féach an chéad mhír eile ar an gclár oibre). Sa Teachtaireacht déantar cur chun feidhme leathnú táscach TEN-T chuig na Balcáin Thiar a mheas. Tugtar aghaidh ann ar na dúshláin choiteanna agus scrúdáitear conas is féidir leis an Aontas oibriú i gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar amach anseo i réimse beartais TEN-T agus chun na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach.

Le linn chruinniú na Comhairle Aireachta an 27 Aibreán, tíolacfaidh an Coimisiún a theachtaireacht maidir le leathnú TEN-T chuig tríú tíortha comharsanachta.

**Seasamh ón Aontas**

- Aon idirghabhálacha ó Chomhpháirtithe Réigiúnacha a thabhairt dá aire tar éis chur i láthair na teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le leathnú TEN-T chuig tríú tíortha comharsanachta;
- Tacú leis na conclúidí ón gComhairle Aireachta ina dtagraítear don teachtaireacht maidir le leathnú TEN-T chuig tríú tíortha comharsanachta.

**<u>Mír 3 ar an gclár oibre</u>**

**Plé ar an Togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T) maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig na Balcáin Thiar**

An 14 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún a Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013.

**10** Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013

I gcomhthéacs ullmhú an togra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán TEN-T, thionóil an Coimisiún babhta cruinnithe le comhpháirtithe na mBalcán Thiar chun athbhreithniú a dhéanamh ar staid chur i gcrích na gcodanna ábhartha de ghréasán táscach TEN-T. Ba é cuspóir na gcruinnithe, go háirithe, a fháil amach an bhfuil gach cuid den chroíghréasán atá le háireamh i gconair na mBalcán Thiar ar an mbóthar ceart nó an bhfuil siad le huasghrádú faoi spriocdháta 2030 dá bhforáiltear sa Rialachán TEN-T atá ann faoi láthair.

Ag an ócáid sin, d'aontaigh comhpháirtithe na mBalcán Thiar gur mhian leo athbhreithniú a dhéanamh ar na léarscáileanna táscacha atá ann faoi láthair den ghréasán leathnaithe (croíghréasán agus gréasán cuimsitheach) ar a gcríoch chomh maith le liosta na nód iompair (aerfoirt agus calafoirt). Thug an Coimisiún dá aire an seasamh atá ag Comhpháirtithe uile na mBalcán Thiar.

An 1 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aige comhaontú ardleibhéil a chaibidil idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar léarscáileanna táscacha na dtíortha comharsanachta de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T). An 21 Feabhra 2022, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún comhaontú den sórt sin a chaibidil[11].

An 10 agus an 11 Márta 2022, thionóil an Coimisiún na chéad chruinnithe foirmiúla déthaobhacha le gach Comhpháirtí Réigiúnach chun athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar a gcuid moltaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghréasán TEN-T. Le cruinniú na Comhairle Aireachta an 27 Aibreán 2022 beidh deis ann an plé a mheas agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas a leagan amach.

Beidh malartú tuairimí ag an gComhairle Aireachta an 27 Aibreán 2022 maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán TEN-T, go háirithe maidir le Conair Iompair Eorpach a chruthú a nascann an réigiún leis an Aontas. Chun tacú leis an malartú tuairimí idir na hAirí maidir leis an athbhreithniú ar TEN-T, tá páipéar plé curtha i dtoll a chéile ag Rúnaíocht TC, a cuireadh faoi bhráid Mheitheal um Cheisteanna Idirmhódúla na Comhairle cheana mar ullmhúchán do chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an 15 Márta 2022[12].

[11] Féach 6051/22 + COR 1.

[12] Féach WK 1507/22, lch. 107-109.

Cuirfear na Comhpháirtithe Réigiúnacha ar an eolas maidir leis na chéad chéimeanna eile sa phróiseas as a dtiocfaidh athbhreithniú ar na léarscáileanna táscacha atá ann cheana de ghréasán na mBalcán Thiar, bunaithe ar chomhaontú ardleibhéil de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 a bheidh le síniú idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar

**Seasamh ón Aontas**

- Idirghabhálacha Airí na mBalcán Thiar a thabhairt dá n-aire;
- Tacú leis na conclúidí ón gComhairle Aireachta ina dtagraítear don athbhreithniú ar leathnú táscach TEN-T chuig na Balcáin Thiar.

**<u>Mír 4 ar an gclár oibre</u>**

**Formhuiniú a dhéanamh ar an bplean oibre rollach 5 bliana chun an leathnú táscach TEN-T ar na croíghréasáin chuimsitheacha chuig na Balcáin Thiar a fhorbairt agus chun tionscadail tosaíochta leasa réigiúnaigh a shainaithint**

Le hAirteagal 9 den TCT, ceanglaítear ar an gComhphobal Iompair plean oibre rollach 5 bliana a fhorbairt gach 2 bhliain chun an leathnú táscach TEN-T ar na croíghréasáin chuimsitheacha agus na croíghréasáin chuig na Balcáin Thiar a fhorbairt. Ba cheart go sainaithneofaí sa phlean oibre freisin tionscadail tosaíochta a bhfuil leas réigiúnach ag baint leo i gcomhréir le dea-chleachtas an Aontais, lena gcuirfear le forbairt inbhuanaithe chothrom i dtéarmaí na heacnamaíochta, an chomhtháthaithe spásúlachta, an tionchair comhshaoil agus shóisialta mar aon le comhtháthú sóisialta.

Ní mór don phlean oibre rollach 5 bliana sin reachtaíocht ábhartha an Aontais a chomhlíonadh mar a leagtar amach í in Iarscríbhinn I TCT (go háirithe nuair a bheartaítear cistiú ón Aontas) agus ní mór an luach is fearr ar airgead agus na tionchair shocheacnamaíocha is leithne a léiriú, i gcomhréir le rialacha cistiúcháin na ndeontóirí agus leis na caighdeáin agus na cleachtais idirnáisiúnta is fearr. Leis an bplean oibre rollach 5 bliana, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an athrú aeráide domhanda agus ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil ag céim shainiú agus anailís an tionscadail, agus ba cheart deiseanna cistiúcháin ó dheontóirí agus ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais a áireamh ann freisin, go háirithe trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar.

Tá an t-ullmhúchán don chéad leagan amach den phlean oibre rollach 5 bliana bunaithe ar an obair a rinneadh cheana faoi chuimsiú Thuarascáil Bhliantúil TEN-T agus ar na príomhthorthaí agus ar na príomhchonclúidí a bhaineann léi, chomh maith le coinníollacha agus spriocdhátaí comhlíonta TEN-T. Cuireadh san áireamh freisin an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar agus a Thionscadail Shuaitheanta a bhaineann le cúrsaí iompair[13], mar aon leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a leathnú chuig tríú tíortha comharsanachta[14]. Sna tionscadail tosaíochta TEN-T atá á mbreithniú faoi láthair ag gach Rannpháirtí Réigiúnach, cuirtear san áireamh na leaganacha is déanaí dá Sraitheanna Tionscadal Aonair.

Scrúdaigh seirbhísí an Choimisiúin an dréachtphlean oibre rollach 5 bliana agus tá siad den tuairim go gcumhdaíonn sé an fhaisnéis uile is gá a ndéantar cur síos uirthi in Airteagal 9 TCT. I gcás ina bhfuil teorainneacha áirithe i gclár uirlisí Rúnaíocht TC atá ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an chéad leagan amach den phlean oibre, déantar iad sin a thaifeadadh go soiléir agus bunaítear gníomhartha maolaitheacha amach anseo. Go háirithe, trí uirlisí anailíseacha na Faireachlainne Iompair a thabhairt chun críche, ba cheart go dtacófaí leis na heasnaimh mhodheolaíochta atá ann a shárú agus ba cheart go bhféadfaí cleachtas pleanála tionscadail níos comhsheasmhaí a dhéanamh tráth a dhéanfar an chéad athbhreithniú ar an bplean oibre.

Ní mór a thabhairt faoi deara, i gcodanna áirithe, go bhfuil faisnéis tionscadail agus gníomhaíocht dul chun cinn tionscadal fós le seachadadh ag roinnt Comhpháirtithe Réigiúnacha, ach gur cásanna an-teoranta iad, nach ndéanann machnamh ar chuimsitheacht fhoriomlán an phlean oibre rollaigh 5 bliana. Tugtar aghaidh freisin ar shaincheisteanna maidir le bailiú sonraí sna conclúidí ón gComhairle Aireachta.

Tar éis chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an 15 Márta 2022, cuireadh bailchríoch[15] ar an bplean oibre agus cuirfear faoi bhráid an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh arís é roimh chruinniú na Comhairle Aireachta an 27 Aibreán 2022. Dá bhrí sin, ba cheart go gcumhdódh an seasamh ón Aontas a mholtar thíos plé breise an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh maidir leis an bplean oibre.

---

13 COM(2020) 641 final

14 COM (2021) 820 final

15 Féach WK 2681/22 REV 1.

**Seasamh ón Aontas**

- A chur i bhfios go láidir gur cloch mhíle thábhachtach i gcur chun feidhme an Chonartha um an gComhphobal Iompair é an plean oibre rollach;
- A iarraidh an athuair go dtacófaí le hiarrachtaí bailithe sonraí Rúnaíocht TC;
- Tacú leis na conclúidí ón gComhairle Aireachta ina dtagraítear don phlean oibre rollach 5 bliana;
- Tacú leis an gComhairle Aireachta an plean oibre rollach 5 bliana a fhormhuiniú.

**<u>Mír 5 ar an gclár oibre</u>**

**Cur i láthair ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir lena 10 mBliana Gníomhaíochta don tSábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030**

In 2021, bunaíodh Faireachlann um Shábháilteacht ar Bhóithre na mBalcán Thiar le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, ón Fédération Internationale de l'Automobile (FIA) agus ón mBanc Domhanda. In 2022, tá sé beartaithe ag Rúnaíocht TCT ceardlann thiomnaithe a reáchtáil maidir le sábháilteacht ar bhóithre i gcomhpháirt leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus le comhpháirtithe eile. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a Plean Domhanda maidir le sábháilteacht ar bhóithre i láthair le linn chruinniú na Comhairle Aireachta an 27 Aibreán 2022.

Is iad EDS agus Coimisiúin Réigiúnacha na Náisiún Aontaithe a d'fhorbair an Plean Domhanda, i gcomhar le comhpháirtithe i gComhoibriú na Náisiún Aontaithe maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre agus le geallsealbhóirí eile, mar threoirdhoiciméad chun tacú le cur chun feidhme 10 mBliana Gníomhaíochta 2021-2030 agus lena chuspóirí.

**Seasamh ón Aontas**

- Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú chun Fís Nialais a bhaint amach – líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go nialas faoi 2050;
- Cur i láthair ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir lena '10 mBliana Gníomhaíochta don tSábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030'.

**<u>Mír 6 ar an gclár oibre</u>**

**Glacadh na gConclúidí**

Mar a tharla i gcruinnithe roimhe seo, ba cheart go gcuirfí deireadh leis an gcruinniú den Chomhairle Aireachta le conclúidí aontaithe ón Uachtaránacht. Cuireadh dréacht faoi bhráid chruinniú an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an 15 Márta,[16] ar thacaigh an tAontas leis.

Seasamh ón Aontas

- Tacú leis na conclúidí atá ag teacht leis an dréacht

16 Féach WK 1507/22, lch. 147-149.

IARSCRÍBHINN

TRANSPORT COMMUNITY MINISTERIAL COUNCIL
THURSDAY 27 APRIL 2022| PRISTINA | TIME TBC | approx. 2h |

# AGENDA

| | |
|---|---|
| 1 | OPENING<br>Opening remarks |
| 2 | PRESENTATION by the European Commission<br><br>Communication from the Commission to the European Parliament and the Council on the extension of the trans-European transport network (TEN-T) to neighbouring third countries |
| 3 | DISCUSSION<br><br>Revision of Trans European Transport Network Regulation (EU) No 1315/2013 (TEN-T Regulation) indicative extension of the Trans-European Transport network (TEN-T) to the Western Balkans<br><br>- Interventions by the Southeast European Parties |
| 4 | ENDORSEMENT<br><br>Five-year rolling work plan for the development of the indicative TEN-T extension of the comprehensive and core networks to the Western Balkans and the identification of priority projects of regional interest |
| 5 | PRESENTATION by the World Health Organization<br>Decade of Action for Road Safety 2021-2030<br><br>*(Based on the UN General Assembly adopted resolution A/RES/74/299 "Improving global road safety", proclaiming the Decade of Action for Road Safety 2021-2030, with the ambitious target of preventing at least 50% of road traffic deaths and injuries by 2030)* |
| 6 | CLOSING<br><br>Adoption of Conclusions |